M72T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2005

---

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

---

DÉ hAOINE, 24 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 12.00


**Freagair Ranna A agus B de Cheist 1** agus **trí** cheist ar bith eile

THALL →

**1.** **(65 mharc)**

## ROINN A – 30 marc

Freagair **go hachomair sé cinn ar bith** díobh seo a leanas:





**(a)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a ghlacadh agus deil láir á húsáid.

**(b)** Ainmnigh an chomhpháirt leictreach a léirítear thall.

**(c)** Mínigh an difríocht idir miotal feiriúil agus miotal neamhfheiriúil.

**(d)** Ainmnigh ábhar plaisteach atá oiriúnach d'insliú ballachuas.

**(e)** Sainaithin an **dá** shnáithchruth a thaispeántar.

**(i)**  **(ii)** 

**(f)** Ainmnigh **dhá** fheiste aschur ríomhaireachta.

**(g)** Mínigh na téarmaí seo a leanas: **(i)** Poll tapáilmhéide **(ii)** Poll scóipmhéide.

**(h)** Cad is brí leis an téarma Déantúsaíocht Ríomhchuidithe (CAM)?

## ROINN B – 35 mharc

Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Maidir le **ceann ar bith** díobh seo a leanas, déan cur síos ar a fheidhm agus ar a oibriú:

Friotóir inathraithe, Stialltéitheoir, Teirmeastat.

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí ríomhaireachta seo:



Diosca digiteach ilúsáide, Aonard deisce, Leathanbhanda (=Broadband), Láraonad próiseála.

**(k)** Déan cur síos ar na príomhchúiseanna atá le cóimhiotalú agus luaigh sampla **amháin** de chóimhiotal.

**(l)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas:

Cnó féinghlasála, Friotóir solas-spleách (LDR), Giarbhosca, Druilire leacaithe.

**(m)** Ainmnigh an **dá** ghiarchóras a thaispeántar:

**(i)**  **(ii)** 

**2.** **(45 mharc)**

**(a)** Ainmnigh na foirnéisí a úsáidtear chun **trí cinn ar bith** de na miotail seo a leanas a tháirgeadh:

**(i)** Cruach Bhog;

**(ii)** Cruach Ardcharbóin;

**(iii)** Muciarann;

**(iv)** Iarann Teilgthe.

**(b)** Le cúnamh léaráide simplí, déan cur síos ar **cheann amháin** de na foirnéisí in **(a)**.

**(c)** Luaigh feidhmiúchán oiriúnach do **dhá cheann ar bith** de na miotail seo a leanas:

**(i)** Prás;

**(ii)** Luaidhe;

**(iii)** Cré-umha.

**(d)** Luaigh **dhá** mhodh chun cruach a chosaint ar chreimeadh.

**3.** **(45 mharc)**

**(a)** Mínigh an bhrí atá le **ceann amháin ar bith** díobh seo a leanas:

(i) Saotharchruachan, (ii) Screamhchruachan, (iii) Ainéaladh.

**(b)** Ainmnigh na hábhair as a ndéantar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

(i) Líomhán láimhe, (ii) Casdruilire, (iii) Bior scriúire.

**(c)** Déan cur síos ar an gcaoi a ndéantar faobhar gearrtha fuarshiséil:

**(i)** a chruachan;

**(ii)** a fhaghairt.


**(d)** Mínigh **gach** ceann díobh seo a leanas maidir le hairíonna miotal:

**(i)** Intuargainteacht, **(ii)** Insínteacht.


**NÓ**

**(d)** Ainmnigh **gach** ceann de na sorcóirí neomatacha thíos:

**(i)**



**(ii)**



**THALL→**

**4.** **(45 mharc)**

**(a)** Ainmnigh an cineál lasrach a tháirgtear de thoradh **gach** socrú gáis díobh seo a leanas **:**

**(i)** Cóimheá chothrom idir ocsaigin agus aicéitiléin;

**(ii)** An iomarca aicéitiléine;

**(iii)** An iomarca ocsaigine.

**(b)** Luaigh an fhaidhm atá ag **trí cinn ar bith** de na téarmaí táthúcháin seo a leanas:

(i) Flosc, (ii) Slat líonaigh, (iii) Brúthomhsaire, (iv) Gineadóir.


**(c)** Déan cur síos ar **trí** chéim atá riachtanach chun a dheimhniú go ndéanfar alt bog- ghuailleach go cruinn ceart.

**(d)** Ní mór aghaidhsciath a chaitheamh agus stuatháthú ar siúl. Mínigh **dhá** chúis atá leis seo.


**5.** **(45 mharc))**

**(a)** Taispeántar trí phróiseas monaraithe chun comhpháirteanna plaisteacha a tháirgeadh. Ainmnigh **gach** próiseas díobh.


**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(b)** Maidir le ceann **amháin** de na próisis in **(a)**:

**(i)** Déan cur síos ar an gcaoi a ndéantar an chomhpháirt;

**(i)** Sainaithin comhpháirt oiriúnach a tháirgítear.


**(c)** Déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas a bhfuil baint acu le plaistigh:

**(i)** Teirmeaplaisteach, **(ii)** Cuimhne leaisteach, **(iii)** Plaisteach theirmithéachtach.

**(d)** Ainmnigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is gá a ghlacadh agus greamacháin á n-úsáid.


**6.** **(45 mharc)**

**(a)** Tá sé i gceist an pháirt a thaispeántar a dheileadh ar dheil láir as barra alúmanaim dar trastomhas 30mm. Ainmnigh **trí** cinn de na hoibríochtaí deile a mbaintear úsáid astu le linn a táirgthe.




**(b)** **(i)** Ainmnigh an chomhpháirt deile a thaispeántar ar dheis.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá mhodh** a bhféadfaí é a úsáid ar an deil.



**(c)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** Uillinn sciota, **(ii)** Druilire lair, **(iii)** Uillinn scóipe.


**NÓ**

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le deil CNC a úsáid seachas deil láimhe.

**7.** **(45 mharc)**

**(a)** Tá seafta cruach déanta de réir na dtoisí a thaispeántar.

Luaigh: **(i)** Trastomhas ainmniúil an tseafta;
**(ii)** Trastomhas uasta an tseafta;
**(iii)** Trastomhas íosta an tseafta;
**(iv)** An lamháltas ar an seafta.





**(b)** Agus sceitsí á n-úsáid agat, mínigh an difríocht idir an bhacoiriúint agus an ghlanoiriúint ar chóimeáil seafta agus poill.

**(c)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Tomhsaire plocóide, **(ii)** Tomhsaire airde Vernier, **(iii)** Tomhsaire bearna, **(iv)** Tomhsaire braite.

**NÓ**

**(c)** Ainmnigh na comhpháirteanna **A** agus **B** agus mínigh oibríocht an chiorcaid nuair atá an lasc **C** dúnta.



**Leathnach Bán**